RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1140 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meitheamh 2023

lena leasaítear den 337ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá comhlachaithe leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 5 Meitheamh 2023 chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dhá iontráil a bhaint de liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
An tArd-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht, Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, scriostar na hiontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha':

(1) 'Abd Al-Aziz Aday Zimin Al-Fadhil (ainm bréige (a) Abd al-Aziz Udai Samin al-Fadhli; (b) Abd al-Aziz Udai Samin al-Fadhl; (c) Abd al-Aziz Adhay Zimin al-Fadhli; (d) Abdalaziz Ad'ai Samin Fadhli al-Fadhali). Dáta breithe: 27.8.1981. Áit bhreithe: Cuáit. Uimh. aitheantais náisiúnta: 281082701081. Dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 21.9.2015.'

(2) 'Hamad Awad Dahi Sarhan Al-Shammari (ainm bréige (a) Abu Uqlah al-Kuwaiti). Dáta breithe: 31.1.1984. Náisiúntacht: Cuátach. Uimhir phas: Uimhir phas Chuáit 155454275. Uimh. aitheantais náisiúnta: Uimhir chárta aitheantais Chuáit 284013101406. Dáta ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 21.9.2015.'